CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 269/2019

an 25 Deireadh Fómhair 2019

lena leasaítear Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse [2023/92]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ("Comhaontú LEE"), agus go háirithe Airteagail 86 agus 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá an tAontas Eorpach, an Íoslainn agus an Iorua tiomanta a n-astaíochtaí gás ceaptha teasa foriomlána a laghdú, i bhfianaise an mhéadaithe ar an meánteocht dhomhanda a choinneáil i bhfad faoi bhun 2°C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch, agus iarrachtaí a dhéanamh chun an t-ardú teochta a theorannú go 1.5 C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch.

(2) Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat 2030 don aeráid agus don fhuinneamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 agus Cinneadh Uimh. 529/2013/AE ([1]), is iomchuí comhar na bPáirtithe Conarthacha i gComhaontú LEE a leathnú chun an Rialachán sin a chumhdach.

(3) Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide agus chun gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ([2]), is iomchuí comhar na bPáirtithe Conarthacha i gComhaontú LEE a leathnú chun an Rialachán sin a chumhdach.

(4) Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 94/22/CE, 98/70/CE, 2009/31/CE, 2009/73/CE, 2010/31/AE, 2012/27/AE agus 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), is iomchuí comhar na bPáirtithe Conarthacha i gComhaontú LEE a leathnú chun forálacha áirithe den Rialachán sin a chumhdach, ar forálacha iad atá riachtanach le haghaidh cur chun feidhme Rialacháin (AE) 2018/841 agus (AE) 2018/842.

(5) Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le sásra chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus chun faisnéis eile atá ábhartha don athrú aeráide a thuairisciú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 280/2004/CE ([4]), is iomchuí comhar na bPáirtithe Conarthacha i gComhaontú LEE a leathnú chun forálacha áirithe den Rialachán sin a chumhdach, ar forálacha iad atá riachtanach le haghaidh cur chun feidhme Rialachán (AE) 2018/842.

(6) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 749/2014 ón gCoimisiún an 30 Meitheamh 2014 maidir le struchtúr, formáid, próisis tíolactha agus athbhreithniú ar fhaisnéis a thuairiscíonn na Ballstáit de bhun Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), is iomchuí comhar na bPáirtithe Conarthacha i gComhaontú LEE a leathnú chun forálacha áirithe den Rialachán sin a chumhdach, ar forálacha iad atá riachtanach le haghaidh cur chun feidhme Rialachán (AE) 2018/842.

(7) Leis an gCinneadh seo, tá an Íoslainn agus an Iorua ag gníomhú chun a spriocanna maidir le laghdú astaíochtaí a chomhlíonadh, is é sin laghdú 40 % ar a laghad a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030 i gcomparáid leis na leibhéil a bhí ann in 1990.

(8) Tá an Cinneadh seo gan dochar don chaoi a gcuireann an tAontas, an Íoslainn agus an Iorua Comhaontú Pháras chun feidhme.

([1]) IO L 156, 19.6.2018, lch. 1.
([2]) IO L 156, 19.6.2018, lch. 26.
([3]) IO L 328, 21.12.2018, lch. 1.
([4]) IO L 165, 18.6.2013, lch. 13.
([5]) IO L 203, 11.7.2014, lch. 23.

(9) Ní cuid de Chomhaontú LEE iad saincheisteanna buiséadacha. Dá bhrí sin, tá cur i bhfeidhm Airteagal 5(6) de Rialachán (AE) 2018/842 gan dochar do raon feidhme Chomhaontú LEE.

(10) Ba cheart d'Údarás Faireacháin CSTE comhordú go dlúth leis an gCoimisiún aon uair a iarrtar air tabhairt faoi chúraimí a bhaineann leis an Íoslainn agus leis an Iorua de bhun an Chinnidh seo.

(11) Na hinniúlachtaí atá ag Údarás Faireacháin CSTE agus Cúirt CSTE de bhun an Chinnidh seo, tá siad teoranta do na hoibleagáidí a dtugtar fúthu leis seo.

(12) Ba cheart, dá bhrí sin, Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú chun go mbeidh an comhar leathnaithe sin ann,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirfear an mhír seo a leanas isteach i ndiaidh mhír 7 d'Airteagal 3 (Comhshaol) de Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE:

"8. (a) Comhlíonfaidh an Íoslainn agus an Iorua a spriocanna féin maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa don tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2030 i gcomhréir leis na gníomhartha seo a leanas:

— **32018 R 0841**: Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat 2030 don aeráid agus don fhuinneamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 agus Cinneadh Uimh. 529/2013/AE (IO L 156, 19.6.2018, lch. 1).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha an Rialacháin oiriúnaithe mar a leanas:

(i) In Airteagal 6(2), i gcás na hÍoslainne, léifear na focail "30 bliain" mar "50 bliain".

(ii) Cuirfear an méid seo a leanas le hAirteagal 8(7):

"Cuirfidh Stáit CSTE a leibhéil tagartha foraoise athbhreithnithe atá beartaithe in iúl d'Údarás Faireacháin CSTE tráth nach déanaí ná 9 mí tar éis theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 270/2019 ó Chomhchoiste LEE an 25 Deireadh Fómhair 2019 don tréimhse ó 2021-2025. Foilseoidh an Coimisiún na leibhéil tagartha foraoise atá beartaithe a chuirfidh na Ballstáit in iúl dó."

(iii) Is mar a leanas a léifear Airteagal 13(2)(a) i gcás Stáit CSTE:

"Tá straitéis curtha isteach ag Stát CSTE mar a leagtar amach thíos í le haghaidh earnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta ag a bhfuil peirspictíocht 30 bliain ar a laghad ag baint léí, lena n-áirítear freisin bearta sonracha atá ar siúl nó atá beartaithe chun a áirithiú go gcaomhnófar nó go bhfeabhsófar na linnte agus na taiscumair foraoise, de réir mar is iomchuí;

1. Faoin 1 Eanáir 2020, déanfaidh gach ceann de Stáit CSTE a straitéis féin a ullmhú agus a chur faoi bhráid Údarás Faireacháin CSTE, straitéis.maidir le hearnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta, agus a bhfuil peirspictíocht 30 bliain ar a laghad ag baint léí. Ba cheart do Stáit CSTE, i gcás inar gá, na straitéisí sin a thabhairt cothrom le dáta faoin 1 Eanáir 2025.

2. Rannchuideoidh straitéisí Stáit CSTE leis an méid seo a leanas:

(a) gealltanais Stáit CSTE faoi UNFCCC agus faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, gealltanas a bhaineann le hastaíochtaí antrapaigineacha gás ceaptha teasa a laghdú agus aistrithe trí linnte a fheabhsú agus ceapadh carbóin mhéadaithe a chur chun cinn;

(b) comhlíonadh chuspóir Chomhaontú Pháras maidir leis an méadú ar an meánteocht dhomhanda a choinneáil i bhfad faoi bhun 2 C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus leanúint d'iarrachtaí a dhéanamh teorainn a chur leis an méadú teochta ag 1.5°C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch;

(c) laghduithe fadtéarmacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach agus feabhsú ar aistrithe trí linnte a mhéid is ábhartha don earnáil LULUCF, i gcomhréir leis an gcuspóir, i gcomhthéacs na laghduithe atá riachtanach de réir an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide (IPCC) laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa stáit CSTE ar bhealach atá éifeachtach ó thaobh costais de agus chun aistrithe trí linnte a threisiú d'fhonn na spriocanna maidir le teocht i gComhaontú Pháras a ghnóthú, agus an méid sin a dhéanamh ionas go mbainfear cothromaíocht amach idir astaíochtaí antrapaigineacha trí fhoinsí agus aistrithe gás ceaptha teasa trí linnte sa dara leath den aois seo ar bhonn cothromais, agus i gcomhthéacs na forbartha inbhuanaithe agus i comhthéacs na n-iarrachtaí an bhochtaineachta dhíothú.

3. Cumhdóidh straitéisí Stáit CSTE leis an méid seo a leanas:

(a) laghduithe ar astaíochtaí agus feabhsuithe ar aistrithe úsáide talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht (LULUCF); agus bithfhuinneamh agus bithábhair ón earnáil seo á gcur san áireamh.

(b) A mhéid atá sé ábhartha d'úsáid talún, d'athrú ar úsáid talún agus d'fhoraoiseacht, naisc le cuspóirí fadtéarmacha náisiúnta eile, le pleanáil agus le beartais agus bearta eile.

4. Cuirfidh Stáit CSTE an pobal ar an eolas faoina straitéisí féin, mar aon le haon nuashonrú orthu, agus cuirfidh siad na straitéisí sin ar fáil don phobal gan mhoill.

5. Déanfaidh Údarás Faireacháin CSTE measúnú i dtaobh an bhfuil straitéisí Stáit CSTE leordhóthanach chun comhlíonadh a dhoiciméadú faoin Airteagal seo.

6. Ba cheart na heilimintí a leagtar amach thíos a bheith mar chuid de straitéisí Stáit CSTE maidir le hearnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta:

A. FORLÉARGAS AGUS PRÓISEAS LENA bhFORBRAÍTEAR NA STRAITÉISÍ

A.1. Achoimre Feidhmiúcháin

A.2. An comhthéacs dlíthiúil agus beartais, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, garspriocanna táscacha do 2040 agus 2050

B. ÁBHAR

B.1. ÚSÁID TALÚN, ATHRÚ AR ÚSAID TALÚN AGUS FORAOISEACHT (LULUCF)

B.1.1. Na laghduithe réamh-mheasta ar astaíochtaí agus an feabhsú ar aistrithe faoi 2050

B.1.2 A mhéid is féidir, na hastaíochtaí a bhfuiltear ag súil leo de réir foinsí agus de réir GCTanna aonair

B.1.3. Roghanna atá beartaithe maidir le laghdú ar astaíochtaí agus roghanna atá beartaithe chun linnte a fheabhsú

B.1.4. A mhéid is ábhartha chun linnte foraoise agus taiscumair foraoise a chaomhnú nó a fheabhsú, de réir mar is iomchuí; beartais agus bearta oiriúnaithe

B.1.5 Gnéithe a bhaineann le héileamh an mhargaidh ar bhithmhais foraoise agus an tionchar ar an mbuaint

B.1.6. De réir mar is gá, mionsonraí maidir le samhaltú (lena n-áirítear toimhdí) agus/nó anailís, táscairí etc."

(iv) Cuirfear an méid seo a leanas le hAirteagal 15(2):

"Beidh an Riarthóir Lárnach inniúil ar na cúraimí dá dtagraítear san Airteagal seo a dhéanamh nuair a bheidh Stáit CSTE i gceist. Cuirfear Údarás Faireacháin CSTE ar an eolas má chuireann an Riarthóir Lárnach bac ar idirbheart a bhaineann le Stáit CSTE nó idirbheart atá á dhéanamh acu."

(v) Cuirfear an méid seo a leanas leis an tábla in Iarscríbhinn II:

"An Íoslainn	0.5	10	2
an Iorua	0.1	10	5"

(vi) Cuirfear an méid seo a leanas leis an tábla in Iarscríbhinn III:

"An Íoslainn	1990
an Iorua	1990"

(vii) Cuirfear an méid seo a leanas le pointe (g) de roinn A d'Iarscríbhinn IV:

"I gcás Stáit CSTE, beidh an leibhéal tagartha don tréimhse 2021-2025 comhsheasmhach leis na réamh-mheastacháin a thuairiscítear don Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil ar bhonn deonach i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 agus, i gcás na hÍoslainne, i gcomhréir freisin leis an gComhaontú déthaobhach idir an Íoslainn agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit maidir le rannpháirtíocht na hÍoslainne i gcomhlíonadh comhpháirteach ghealltanais an Aontais Eorpaigh, a Bhallstát agus na hÍoslainne maidir leis an dara tréimhse gealltanais de Phrótacal Kyoto a ghabhann le Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide ([6])"

(viii) Cuirfear an méid seo a leanas leis an tábla in Iarscríbhinn VII:

"An Íoslainn	- 0,0224	- 0,0045
an Iorua	- 29,6	- 35,5"

— **32018 R 0842**: Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide agus chun na gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 (IO L 156, 19.6.2018, lch. 26).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha an Rialacháin oiriúnaithe mar a leanas:

(i) Maidir le Stáit CSTE, cuirfear an méid seo a leanas le hAirteagal 4(3):

"Maidir le Stáit CSTE, chun na leithdháiltí bliantúla astaíochtaí le haghaidh na mblianta ó 2021 go 2030 a leagan amach i dtéarmaí tonaí de choibhéis CO_2 mar a shonraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, beidh bonnbhliain 2005 le haghaidh leithdháileadh astaíochtaí 2030 bunaithe ar an difríocht idir iomlán na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa in 2005 de thoradh ar an athbhreithniú cuimsitheach, ina gcaitear le hastaíochtaí CO_2 ón eitlíocht mar nialas, agus astaíochtaí do-aistrithe EU ETS 2005 i raon feidhme 2013 ETS mar a thuairiscítear i gCuid B den Fhoscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh ó Chomhchoiste LEE Uimh. 152/2012 an 26 Iúil 2012 ([7]), arna oiriúnú leis na luachanna maidir le hacmhainneachtaí téimh dhomhanda a ghlactar i ngníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 26(6)(b) de Rialachán (AE) 2018/1999 nó na cinn a shainaithnítear sa Cheathrú Tuarascáil Mheasúnaithe ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide go dtí go mbeidh feidhm ag an nGníomh Tarmligthe. Leagtar amach san Aguisín figiúirí astaíochtaí do-aistrithe EU ETS 2005 mar a thuairiscítear sa Chinneadh ó Chomhchoiste LEE Uimh. 152/2012 (AR2) agus na figiúirí céanna le luachanna nuashonraithe le haghaidh acmhainneachtaí téite domhanda (AR4) atá le cur san áireamh chun críche na leithdháiltí bliantúla astaíochtaí a leagan amach le haghaidh na mblianta ó 2021 go 2030 de bhun an Airteagail seo."

(ii) Cuirfear an méid seo a leanas le hIarscríbhinn IV:

"Aguisín

Figiúirí astaíochtaí do-aistrithe EU ETS 2005 de chuid Stáit CSTE mar a thuairiscítear sa Chinneadh ó Chomhchoiste LEE Uimh. 152/2012 (AR2) agus na figiúirí céanna le luachanna nuashonraithe le haghaidh acmhainneachtaí téite domhanda (AR4) atá le cur san áireamh chun críche na leithdháiltí bliantúla astaíochtaí a leagan amach le haghaidh na mblianta ó 2021 go 2030 de bhun Airteagal 4(3)

([6]) IO L 207, 4.8.2015, lch. 1.
([7]) IO L 309, 8.11.2012, lch. 38.

Tábla 1

Astaíochtaí ETS 2005 maidir leis an Iorua

Gás ceaptha teasa (tonnaí)	CO_2-eq (AR2)	CO_2-eq (AR4)	*N_2O/PFC*
CO_2	23 090 000	23 090 000	
N_2O	1 955 000	1 880 000	*6 308*
PFC	829 000	955 000	
CF_4			*116,698*
C_2F_6			*7,616*
Iomlán	**25 874 000**	**25 925 000**	

Tábla 2

Astaíochtaí ETS 2005 maidir leis an Íoslainn

Gás ceaptha teasa (tonnaí)	CO_2-eq (AR2)	CO_2-eq (AR4)	*N_2O/PFC*
CO_2	909 132	909 132	
PFC	26 709	31 105	
CF_4			*3,508*
C_2F_6			*0,424*"
Iomlán	**935 841**	**940 237**	

(iii) In Airteagal 6(1), is "107 milliún lamháltas faoi chóras trádála astaíochtaí an Aontais Eorpaigh" a bheidh le léamh in ionad na bhfocal "100 milliún lamháltas faoi chóras trádála astaíochtaí an Aontais Eorpaigh"

(iv) Cuirfear an méid seo a leanas le hAirteagal 12(2):

"Beidh an Riarthóir Lárnach inniúil ar na cúraimí dá dtagraítear san Airteagal seo a dhéanamh nuair a bheidh Stáit CSTE i gceist. Cuirfear Údarás Faireacháin CSTE ar an eolas má chuireann an Riarthóir Lárnach bac ar idirbheart a bhaineann le Stáit CSTE nó ar idirbheart a dhéanann siad."

(v) Cuirfear an méid seo a leanas leis an tábla in Iarscríbhinn I:

"An Íoslainn -29 %

an Iorua -40 %"

(vi) Cuirfear an méid seo a leanas leis an tábla in Iarscríbhinn II:

"An Íoslainn 4 %

an Iorua 2 %"

(vii) Leasófar an tábla in Iarscríbhinn III mar a leanas:

a. Cuirfear an méid seo a leanas leis an tábla:

"An Íoslainn 0.2

an Iorua 1,6"

b. Léifear an uimhir "280" don uasmhéid iomlán mar "281,8"

— **32018 R 1999**: Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 94/22/CE, 98/70/CE, 2009/31/CE, 2009/73/CE, 2010/31/AE, 2012/27/AE agus 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2009/119/CE agus (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1).

Tá forálacha infheidhme an Rialacháin seo liostaithe thíos agus, chun críche an Chomhaontaithe seo, léifear iad leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

(i) Ní bheidh feidhm ach ag na forálacha seo a leanas den Rialachán:

Airteagail 2(1)-2(10), 2(12)-(13), 2(15)-2(17), 18, 26(2)-(7), 29(5)(b), 37-42, 44(1)(a), (2)-(3) agus (6), 57-58, agus Iarscríbhinní V-VII agus XII-XIII.

(ii) Airteagal 2(1)-(10) agus Airteagal 2(12)-(13) agus 2(15)-(17), ní bheidh feidhm acu, chun críocha na míre seo ach amháin maidir le Stáit CSTE a mhéid a bhaineann siad le cur chun feidhme Rialacháin (AE) 2018/841 agus (AE) 2018/842.

(iii) Léifear Airteagal 26(4)(a) mar a leanas i gcás Stáit CSTE:

"Maidir le sonraí deiridh an fhardail gás ceaptha teasa a tuairiscíodh chuig UNFCCC i gcomhréir le mír 3, cuirfidh an Íoslainn agus an Iorua cóip de na sonraí sin faoi bhráid Údarás Faireacháin CSTE faoin 15 Aibreán gach bliain."

(iv) Ní bheidh feidhm ag Airteagal 41, i gcás Stáit CSTE, ach amháin a mhéid a thagraítear do na forálacha nó na codanna díobh a luaitear san Airteagal nó a leagtar amach iontu i gCinneadh Uimh. 269/2019 ó Chomhchoiste LEE an 25 Deireadh Fómhair 2019.

(v) I gcás Stáit CSTE, cuirfear an abairt seo a leanas isteach i ndiaidh na chéad abairte d'Airteagal 42:

"Tabharfaidh an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil cúnamh d'Údarás Faireacháin CSTE lena chuid oibre a mhéid a bhaineann le hAirteagail 18, 26(2)-(7), 29(5) (b), 37-39 agus 41, agus a mhéid a bhaineann leis na hAirteagail sin amháin."

— **32013 R 0525**: Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le sásra chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus chun faisnéis eile atá ábhartha don athrú aeráide a thuairisciú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 280/2004/CE (IO L 165, 18.6.2013, lch. 13).

Tá forálacha infheidhme an Rialacháin seo liostaithe thíos agus, chun críche an Chomhaontaithe seo, léifear iad leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

(i) Ní bheidh feidhm ach ag na forálacha seo a leanas den Rialachán:

Airteagal 7 agus Airteagal (19)(1) agus (3).

(ii) Airteagal 7, agus Airteagal 19(1) agus (3), ní bheidh feidhm acu, chun críocha na míre seo ach amháin maidir le Stáit CSTE a mhéid a bhaineann siad le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2018/842.

— **32014 R 0749**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 749/2014 ón gCoimisiún an 30 Meitheamh 2014 maidir le struchtúr, formáid, próisis tíolactha agus athbhreithniú na faisnéise arna tuairisciú ag na Ballstáit de bhun Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 203, 11.7.2014, lch. 23).

Tá forálacha infheidhme an Rialacháin seo liostaithe thíos agus, chun críche an Chomhaontaithe seo, léifear iad leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

(i) Ní bheidh feidhm ach ag na forálacha seo a leanas den Rialachán:

Airteagail 3-5, 7-10, 12-14, 16, 29, 32-34, 36-37 agus Iarscríbhinní I-VIII agus Tábla 2 d'Iarscríbhinn XVI.

(ii) Airteagail 3-5, 7-10, 12-14, 16, 29, 32-34, 36-37 agus Iarscríbhinní I-VIII agus Tábla 2 d'Iarscríbhinn XVI, ní bheidh feidhm acu, chun críocha na míre seo ach amháin maidir le Stáit CSTE a mhéid a bhaineann siad le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2018/842.

(b) De bhua Airteagal 79(3) de Chomhaontú LEE, beidh feidhm ag Cuid VII (Forálacha Institiúideacha) den Chomhaontú maidir leis an mír seo.

(c) Prótacal 1 a ghabhann le Comhaontú LEE (Oiriúnuithe Cothrománacha), beidh feidhm *mutatis mutandis* aige maidir leis an mír seo.

(d) Tagairtí do reachtaíocht, gníomhartha, rialacha, beartais agus bearta an Aontais sna gníomhartha agus sna forálacha dá dtagraítear nó atá sa mhír seo, beidh feidhm acu a mhéid ina ndéantar an reachtaíocht, na gníomhartha, na rialacha, na beartais agus na bearta ábhartha a ionchorprú sa Chomhaontú seo agus san fhoirm a ionchorpraítear sa Chomhaontú iad.

(e) Glacfaidh an Íoslainn agus an Iorua páirt iomlán in obair an Choiste um Athrú Aeráide de bhun na ngníomhartha agus na bhforálacha dá dtagraítear sa mhír seo nó atá inti ach ní bheidh ceart vótála acu.

(f) I gcás ina rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le saineolaithe arna ainmniú ag na Ballstáit de bhun na ngníomhartha agus na bhforálacha dá dtagraítear sa mhír seo nó atá inti, rachaidh sé i gcomhairle le saineolaithe a ainmníonn Stáit CSTE ar an mbonn céanna.

(g) Tabharfaidh an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil cúnamh d'Údarás Faireacháin CSTE ina chuid oibre de bhun Rialacháin (AE) 2018/841 agus (AE) 2018/842.

(h) Ní bheidh feidhm ag an mhír seo maidir le Lichtinstéin."

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 26 Deireadh Fómhair 2019 nó ar an lá tar éis an fhógra dheireanaigh chuig Comhchoiste LEE faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE, cibé acu is déanaí (*).

Airteagal 3

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Deireadh Fómhair 2019.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Gunnar PÁLSSON

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

Dearbhú ón Íoslainn agus ón Iorua maidir le pleananna náisiúnta a bhaineann le Cinneadh Uimh. 269/2019 ó Chomhchoiste LEE an 25 Deireadh Fómhair 2019

Is trí na gníomhartha seo a leanas a áireamh i bPrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE a bhforbróidh an Íoslainn agus an Iorua, ar bhonn deonach, pleananna náisiúnta ina ndéanfar cur síos ar an gcaoi a bhfuil sé beartaithe acu na gealltanais a thug siad a chomhlíonadh:

— Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat 2030 don aeráid agus don fhuinneamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 agus Cinneadh Uimh. 529/2013/AE (Rialachán LULUCF) agus

— Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide agus chun gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 (an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill- ESR).

Déanfaidh an Íoslainn agus an Iorua a bpleananna náisiúnta féin a fhorbairt agus cuirfidh siad na pleananna sin ar fáil do Bhallstáit an Aontais, don Choimisiún Eorpach, d'Údarás Faireacháin CSTE agus don phobal, faoin 31 Nollaig 2019.

Is iad na príomheilimintí seo a leanas a bheidh sa phlean:

— Achoimre feidhmiúcháin ar an bplean;

— Forléargas ar bheartais aeráide náisiúnta reatha;

— Tuairisc ar an sprioc náisiúnta maidir le Comhroinnt Díchill agus ar ghealltanas LULUCF;

— Tuairisc ar na príomhbheartais agus na príomhbhearta atá ann cheana agus atá beartaithe chun an sprioc maidir le Comhroinnt Díchill agus gealltanas LULUCF a bhaint amach;

— Tuairisc ar na hastaíochtaí agus aistrithe náisiúnta gás ceaptha teasa atá ann faoi láthair chomh maith le réamh-mheastacháin ar an sprioc maidir le Comhroinnt Díchill agus ar ghealltanas LULUCF bunaithe ar bheartais agus ar bhearta atá ann cheana;

— Measúnú ar thionchair na mbeartas agus na mbeart náisiúnta atá beartaithe chun an sprioc maidir le Comhroinnt Díchill agus gealltanas LULUCF a bhaint amach, agus comparáid á déanamh leis na réamh-mheastacháin atá bunaithe ar bheartais agus ar bhearta atá ann cheana agus cur síos á dhéanamh ar idirghníomhaíochtaí idir beartais agus bearta atá ann cheana agus iad sin atá beartaithe.